



**Aighneacht**

**Céad Chéim**

**Plean Forbartha 2024 - 2030**

**Comhairle Contae Dhún na nGall**

**Meitheamh 2022**

## **Intreoir**

Tá tábhacht faoi leith le Plean Forbartha Chomhairle Contae Dhún na nGall mar go bhfuil ocht gceantar Ghaeltachta sa Chontae, Tuaisceart Dhún na nGall, Cloich Cheann Fhaola, Toraigh, Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Lúir, Na Rosa, Árann Mhór, An Ghaeltacht Lár agus Dún na nGall Theas agus trí Baile Seirbhíse Gaeltachta Leitir Ceanainn, An Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall. Aithnítear ar ndóigh an éagsúlacht úsáide teanga atá sna ceantair Ghaeltachta seo. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag teip maidir le cosaint a thabhairt don Ghaeltacht ó thaobh na pleanála tithíochta sa Ghaeltacht agus ní mór tabhairt faoin bhfíric seo ar bhun práinne sa Phlean Forbartha nua.

Léiríonn an méid seo a leanas an teip seo agus freisin an gá le gníomh dearfach eisceachtúil chun an Ghaeltacht a chosaint:

*Daonáireamh na bliana 2016, a léirigh gur tharla titim thubaisteach 11% i líon na gcainteoirí laethúla Gaeltachta sa tréimhse 2011 – 2016.*

*An líon daoine óga atá ag bogadh amach as an nGaeltacht mar nach bhfuil siad in ann cead pleanála a fháil ar a dtalamh féin*

*Go bhfuil glúin daoine óga sa Ghaeltacht nach bhfuil ar a gcumas suíomh nó teach a cheannach ina gceantar féin agus atá orthu imeacht ón nGaeltacht*

*Go bhfuil daoine sa Ghaeltacht atá i dteideal tithe sóisialta á mbrú amach as a bpobal féin mar nach bhfuil dóthain tithe sóisialta á dtógáil sa Ghaeltacht*

Go ginearálta tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra do mhuintir na Gaeltachta cead pleanála a fháil ina gceantar féin. Séantar cead pleanála ar dhaoine ón áit ar an ábhar, dar leis na comhairlí áitiúla, nach bhfuil ‘riachtanais áitiúil’ acu agus tá an sainmhíniú ar céard is ‘riachtanas áitiúil’ ann á chúngú agus a thachtadh i rith an ama. Ciallaíonn sé seo nach féidir le lánúin óga cead pleanála a fháil ina gceantar dúchais féin. Freisin tagann sé seo salach ar pholasaí an Rialtais ó thaobh na pleanála teanga de, mar a léirítear in Acht na Gaeltachta 2012. Mura mbeidh daoine sa Ghaeltacht leis an teanga a labhairt cén mhaith a bheith ag caint ar phleanáil teanga.

**Maíonn Conradh na Gaeilge gur chóir go mbeadh pleanáil tithíochta sa Ghaeltacht dírithe ina iomláine ar bhuanú agus neartú an phobail Ghaeltachta agus go nglacfaí leis go bhfuil ‘riachtanas áitiúil’ ag an té a bhfuil labhairt na Gaeilge acu, rud a d’éascódh an próiseas pleanála do mhuintir na Gaeltachta. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag an bpleanáil tithíochta sa Ghaeltacht:**

*Go gcuirfead in athuair leis an líon de phobal na Gaeltachta atá ina gcónaí ina bpobal féin.*

*Go dtabharfar deis do chainteoirí líofa Gaeilge bogadh chun cónaí sa Ghaeltacht.*

*Go gcuirfead leis an eacnamaíocht áitiúil agus le forbairt gheilleagar na Gaeltachta.*

**Díríonn muid aird ar na gnéithe seo a leanas:**

**1. Treoirínte an Aire Tithíochta faoi alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, treoirínte a mhaíonn muid nach bhfuil á gcur i bhfeidhm i bPlean Forbartha Chomhairle Dhún na nGall.**

Mar shampla, molann Treoirínte Uimhir 15 na cuspóirí sainordaitheacha seo a leanas a bheith san áireamh sa phlean forbartha ó thaobh na Gaeltachta de:-

(i) *go mbeadh tionchar dearfach ag an bhforbairt i gceist ar oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta agus gur féidir cur in aghaidh chineálacha áirithe forbartha agus forbairtí de mhéadanna áirithe dá réir;*

(ii) *go riarfaí i gcomhair riachtanais an phobail i ndáil le húsáid talún ar mhaithe le tithíocht, le poist, le háiseanna áineasa agus áiseanna poiblí agus ar mhaithe le straitéis ar leith tithíochta chun freastal ar riachtanais mhuintir na Gaeltachta;*

(iii) *go gcuirfí turasóireacht teanga agus chultúrtha chun cinn go láidir; agus*

(iv) *go gcuirfí úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus poiblí chun cinn.*

Leagtar tuilleadh de na beartais seo amach in Iarscríbhinn C de na Treoirlínte sin agus aibhsítear ann go mbeadh meascán maith sa phobal Gaeltachta ó thaobh aoise de agus go gcuirfí in aghaidh méadú mór Béarlóirí ón taobh amuigh.

Moltar chomh maith forbairt thráchtála agus chultúrtha na Gaeltachta mar Ghaeltacht le béim ar thionscail atá bunaithe ar an teanga agus leagtar béim ar mhúineadh na teanga féin.

## **2. Na tagairtí atá déanta don Ghaeltacht sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil agus an bhéim a leagtar ansin ar thábhacht na Gaeltachta, na hoileáin Ghaeltachta agus do thábhacht na Pleanála Teanga Ghaeltachta.**

Cé gur breá linn go bhfuil aitheantas tugtha ag Comhairle Contae Dhún na nGall sa Dréachtphlean Forbartha do na mianta seo níl feidhm á thabhairt ag an gComhairle Contae do chlár gníomh chun na mianta seo a bhaint amach, mar atá léirithe againn san introir seo.

## **3. Cinneadh na hArdchúirte sa chás ar ghlac Comharchumann Ráth Chairn in aghaidh an Bhoird Pleanála maidir le cinneadh an Bhoird cead pleanála a dheonú d' eastát tithíochta i nGaeltacht Ráth Chairn.**

Rialaigh an Ard-Chúirt gur sháraigh cinneadh an Bhoird Pleanála plean forbartha na Mí, polasaí an Rialtais agus polasaí seasta agus reachtúil an Stáit i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta. Dar leis an gCúirt níor cruthaíodh gur ar leas na Gaeilge a bheadh an fhorbairt tithíochta agus óstán a bhí beartaithe.

### **Moltaí Chonradh na Gaeilge ar chóir a fheidhmiú mar chuid den Dréachtphlean Forbartha:**

#### **Measúnacht tionchar teanga neamhspleách**

Go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach tí bheartaithe, seachas teach do dhuine arb as an toghroinn ó dhúchas iad, agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur cainteoir Gaeilge neamhspleách atá cáilithe sa phleanáil teanga a chuirfeadh le chéile í agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair labhairt na Gaeilge go háitiúil. Is gá go mbeidh na critéir seo a leanas san áireamh in aon tuairisc mheasúnacht tionchar teanga:

- (a) Cumas Gaeilge na n-áitritheoirí (ionchais);
- (b) Iompraíocht teanga na n-áitritheoirí (ionchais) i.e. gnáth-theanga(cha) bhaile an teaghlaigh;
- (c) Aon cheangal atá ag na háitritheoirí (ionchais) le pobal na Gaeilge;
- (d) Aon cheangal atá ag na háitritheoirí (ionchais) le hinstiúidí an phobail áitiúil a fheidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- (e) I gcás gnó, an teanga oibre a bheas ag an ngnó sin;
- (f) I gcás gnó, an polasaí teanga a bheidh ag an ngnó sin ó thaobh daoine le cumas Gaeilge a fhostú;
- (g) I gcás gnó, an mbeidh gach seirbhís/ aon seirbhís ar fáil uaidh trí Ghaeilge

Ní mholaimid, áfach, go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine a dhéanann iarratas ar chead pleanála chun teach a thógáil sa toghroinn arb aisti ó dhúchas iad ach go mbeadh an gnáthshrian ar an teach sin a dhíol ar aghaidh mar a bhaineann le tithe faoin tuath.

#### **Eastáit tithíochta & Clásail Teanga**

Is léir dúinn an dochar a dhéanann eastáit tithíochta a thógtar don mhargadh tráchtála agus gur gá a bheith an-cháiréiseach ina thaobh seo.

Molaimid inniúlacht ag TEG B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha mar chaighdeán inghlactha do dhaoine ó Iasmuigh den toghroinn. Ní gá do dhaoine arb as an toghroinn ó dhúchas iad cumas Gaeilge a léiriú.

Ní mór a chruthú go gcuirfeadh an t-eastát go mór le cur chun cinn na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail.

Chuirge sin ní mór clásal teanga a fheidhmiú le go mbeadh riachtanas Ghaeilge ag baint le 90% de tithé in eastát tithíochta i limistéir Ghaeltachta i gcatagóirí A agus B agus ag 35% de na tithé i limistéir Ghaeltachta i gcatagóir C.

#### **Tithe saoire**

Molaimid go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeidh níos mó ná 10% de na tithé in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire. Má tá níos mó ná 10% de na tithé in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire, nach bhfaighfí cead pleanála i gcomhair a thuilleadh tithe saoire ann.

#### **Tithe sóisialta & scáththithíochta**

Go mbeidh sé de cheart ag daoine atá i dteideal tithe sóisialta go gcuirfear na tithé sin ar fáil dóibh ina bpobal féin - seachas iad a ruaigeadh isteach sna bailte móra máguaird.

Ba chóir scéim tithé sóisialta (aonair) a bheith ann do phobal na Gaeltachta ar a gcuid talamh féin nó talamh a muintire

Ba chóir go mbeadh straitéis ag an gComhairle Contae tithe/talamh a cheannach nuair atá sé ar fáil agus tithé sóisialta a thógáil/iompar isteach ina dtithe sóisialta.

Ba chóir scéimeanna scáththithíochta do dhaoine scothaosta sna pobail áitiúil a fhorbairt.

#### **Tithíocht incheannaithe**

Is gá go scrúdófaí ach go háirithe an tslí is éifeachtúla le tithíocht incheannaithe a chur ar fáil sa Ghaeltacht ar shlí a neartódh úsáid na Gaeilge ann, cumann tithíochta san áireamh.

#### **Pleanáil Teanga Ghaeltachta**

Clár oibre agus polasaithe an Chomhairle Contae a chomhtháthú lena Pleananna Teanga atá faofa ag Aire na Gaeltachta faoi réir Acht na Gaeltachta 2012. Gan aon pholasaí a fheidhmiú a thiocfaidh salach ar na Pleananna Teanga seo.

#### **Comharchumainn Ghaeltachta**

Mar aitheantas ar an tseirbhís riachtanach pobail a chuireann na Comharchumainn Ghaeltachta ar fáil go ndéanfar clár oibre agus polasaithe an Chomhairle Contae a chomhtháthú le clár oibre na gComharchumann.

#### **Turasóireacht Ghaeltachta**

Go mbeidh polasaithe turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall dírithe ar thograí theanga bhunaithe agus ag cur tacaíochta ar fáil do thograí a chuirfidh le buannacht na Gaeilge sa Ghaeltacht.

#### **Moltaí eile**

- Go mbeidh ainm gach forbairt tithíochta nua i nGaeilge amháin. Tá ag éirí leis an bpolasaí seo i gCathair agus i gContae na Gaillimhe [An Coiste Logainmneacha - Gaillimh le Gaeilge, An Ghaeilge i nGaillimh, Irish language and culture in Galway, Gaeilge sa Ghnó, Irish in Business \(gleg.ie\)](#). Tá Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath chun an polasaí céanna a chur i bhfeidhm de réir a dréachtphlean forbartha CU050
- Coiste Logainmneacha a bhunú. Tá Coiste Logainmneacha i go leor Comhairlí Contae, ar nós Gaillimh, Clár, Port Láirge, Lú, Laois agus Loch Garman. Ba chóir do Chomhairle Contae Dhún na nGall coiste logainmneacha a bhunú.
- Is gá don chomhairle gach tacaíocht a thabhairt idir maoiniú, foireann agus eile le tacú a thabhairt do Phleananna Teanga Limistéir Pleanála Gaeltachta agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta. Ní cóir feidhmiú na pleananna teanga sin a fháil ar ghualainn deonacha. Tá ról lárnach ag an gcomhairle i ráth na pleananna teanga sin.
- Má fhaightear iarratas pleanála ó mhuintir na Gaeltachta ba chóir gach iarracht a dhéanamh an t-iarratas pleanála a cheadú chun cinntiú go mbeidh muintir na Gaeltachta in ann fanacht sa bhaile. Léiríonn cás Bhreandán Uí Bheaglaoich an bealach nár chóir caitheamh leis an bpobal áitiúil atá ag iarraidh cónaí sa bhaile [Cead pleanála faighte ag an gceoltóir aitheanta Breandán Ó Beaglaoich tar éis 15 bliain – Tuairisc.ie](#). Is gá mar sin an polasaí atá ag an gcomhairle ina aghaidh tithíocht aonair a athrú. Is é tithíocht aonair an t-aon tithíocht a bhí

ann go dúchasach sa Ghaeltacht. Má tá talamh ag muintir na háite agus tá siad ag iarraidh teach cónaithe a thógáil ar a thalamh féin ba chóir tacaíocht a thabhairt dóibh agus ní bac a chur orthu.

- Molann Conradh na Gaeilge na moltaí reachtaíochta atá tugtha ag na comhairlí Phort Láirge, Chiarraí, Chorcaí agus an Mhí do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeltachta. Aontaíonn Conradh na Gaeilge leis na moltaí sin.
- Molann Conradh na Gaeilge chomh maith iarrachtaí a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar thithe i nGaeltacht Dhún na nGall a bheith úsáidte mar Air B&B.
- Ba chóir sochtheangeolaí cáilithe a fhostú sa rannóg phleanála chun measúnú sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar iarratais phleanála sa Ghaeltacht.
- Le cur i gcuimhne go bhfuil dualgais dleathach Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024 – 2030 a fhoilsiú go comhuaineach i mBéarla agus i nGaeilge agus is gá achar ama aistriúcháin a thógáil san áireamh roimh a fhoilsítear an Phlean. Tá dhá dualgas dleathach ag an gComhairle Acht um Pleanáil agus Forbartha 2000 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le foilsiú an Phlean Forbartha, níl tosaíocht ar cheann amháin thar cheann eile. Seo a deir Airteagail 10 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ‘D’ainneoin aon achtacháin eile, déanfaidh comhlacht poiblí (seachas comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha chlásal (b) de mhír 1(5) den Chéad Sceideal) na doiciméid seo a leanas, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla (a) aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí’.

#### **Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 – 2024**

Ag breathnú ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 – 2024, tá na spriocanna Gaeilge agus Gaeltachta is cuimsitheach d’aon Phlean Forbartha Contae. Ach ní raibh athbhreithniú déanta ar, ar bhaineadh amach na spriocanna sin. Molann Conradh na Gaeilge go ndéantar athbhreithniú i lár thréimhse agus ag deireadh thréimhse an Phlean Forbartha. Cuidíonn sé seo le Plean Forbartha nua a chruthú. Tá am go fóill le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean Forbartha. Is é an toradh is fearr ná cén tionchar atá ag na spriocanna sin a bhaint amach ar líon na cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di. Níl torthaí Daonáireamh 2021 foilsithe go fóill, mar sin feictear an mbeidh fás nó titim ar chainteoirí Gaeilge.

#### **Críoch**

Tá feidhmiú na moltaí seo riachtanach má tá Comhairle Contae Dhún na nGall chun cloí le haidhmeanna an Rialtais, “Straitéis 20 bliana don Ghaeilge 2010 - 2030” lena n-áirítear caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht, caomhnú agus cosaint a thabhairt d’oidhreacht, cultúr agus saibhreas an teanga chomh maith le ról na Gaeilge a neartú sa bhaile, láthair oibre agus pobal – sprioc atá aitheanta ag an gComhairle Contae féin.

Ní mór go mbeadh bunús sochtheangeolaíoch lárnach i ngach gné den Phlean Forbartha atá bainteach leis an nGaeltacht. Tá sé seo riachtanach chun spriocanna an Stáit, mar atá léirithe i bPolasaí 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, a bhaint amach. Is é bunús gach Plean Teanga Gaeltachta nó go bhfuil líon na gcainteoirí laethúil Gaeilge sa Ghaeltacht ag meá agus go gcaithfear céimeanna a ghlacadh chun tabhairt faoi seo. Ní leor an status quo, go deimhin is ionann an status quo agus buille an bháis don teanga mar ghnáth-theanga labhartha sa Ghaeltacht. Ní féidir le haon Phlean Teanga Gaeltachta an Ghaeilge a chosaint gan tacaíocht ón Stát.